2024/2178

29.8.2024

ÚDARÁS FAIREACHÁIN CSTE CINNEADH TARMLIGTHE Uimh. 074/24/COL

an 6 Bealtaine 2024

chun Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 203/21/COL a leasú a mhéid a bhaineann le formheas bhearta náisiúnta na hIorua agus na hÍoslainne atá ceaptha chun an tionchar a bhíonn ag galair áirithe ainmhithe uisceacha a theorannú i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429 [2024/2178]

TÁ ÚDARÁS FAIREACHÁIN CSTE,

Ag féachaint don Chomhaontú idir Stáit CSTE maidir le hÚdarás Faireacháin agus Cúirt Bhreithiúnais a bhunú, go háirithe Airteagail 1(1)(e), 1(2) agus Airteagal 3 de Phrótacal 1 de,

Ag féachaint don Ghníomh dá dtagraítear ag Pointe 13 de Chuid 1.1 de Chaibidil I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'),

Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Rialachán (AE) 2016/429') [1],arna leasú agus arna oiriúnú do Chomhaontú LEE leis na hoiriúnuithe sonracha agus earnála dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú sin, agus go háirithe Airteagail 226, 266(2) agus Airteagal 270(2) de,

arna oiriúnú do Chomhaontú LEE le pointe 4(d) de Phrótacal 1 a ghabhann le Comhaontú LEE.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/429 bunaítear an creat reachtach chun galair a chosc agus a rialú, ar galair iad atá in-tarchurtha chuig ainmhithe nó chuig daoine. Foráiltear le hAirteagal 226(1) den Rialachán sin go bhféadfaidh an Iorua agus an Íoslainn bearta náisiúnta a ghlacadh chun tabhairt isteach galair seachas galar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(d) den Rialachán sin a chosc, nó chun leathadh an ghalair sin a rialú, i gcás ina bhfuil riosca nach beag leis an ngalar sin do shláinte ainmhithe uisceacha sa Stát LEE sin. Le galair seachas galar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(d) de Rialachán (AE) 2016/429 áirítear galair ainmhithe uisceacha nach n-áirítear in aon cheann de na catagóirí galar liostaithe faoi Airteagal 9(1) ('galair neamhliostaithe').

(2) Le hAirteagal 226(2), (3) agus (4) den Rialachán céanna ceanglaítear ar an Iorua agus ar an Íoslainn fógra a thabhairt d'Údarás Faireacháin CSTE ('an tÚdarás') roimh ré maidir le haon bheart náisiúnta atá beartaithe agus foráiltear leis go bhformheasfaidh an tÚdarás na bearta náisiúnta sin i gcás inar gá srianta gluaiseachta idir an Iorua nó an Íoslainn agus Stáit LEE eile a chur ar bun chun teacht isteach an ghalair ábhartha a chosc nó chun leathadh an ghalair ábhartha a rialú, agus tionchar foriomlán an ghalair i dtrácht agus na mbeart arna ndéanamh ar LEE á gcur san áireamh.

(3) Níor cheart feidhm a bheith ag bearta náisiúnta na hIorua nó na hÍoslainne arna bhformheas de bhun Airteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ach amháin fad a leanfaidh siad de bheith iomchuí agus riachtanach chun tabhairt isteach an ghalair ábhartha sa tír ábhartha a chosc, nó chun leathadh an ghalair sin a rialú.

(4) Ba cheart feabhas ar staid an ghalair laistigh de thréimhse réasúnta ama a bheith mar thoradh ar chláir dhíothaithe arna bhformheas i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429. Dá bhrí sin, níor cheart tréimhse chur i bhfeidhm cláir dhíothaithe arna fhormheas i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429 a bheith níos faide ná 6 bliana ó dháta a fhormheasta tosaigh ag an Údarás. Leagtar síos an uastréimhse cur i bhfeidhm sin chun tréimhse leordhóthanach ama a thabhairt inar féidir clár díothaithe a chur i gcrích, agus san am céanna cosc a chur ar chur isteach díréireach fadtéarmach ar ghluaiseachtaí ainmhithe uisceacha laistigh de LEE.

[1] Arna ionchorprú i gComhaontú LEE le Cinneadh Uimh. 179/2020 ón gComhchoiste dar dáta an 17 Nollaig 2020.

(5) Le Cinneadh Uimh. 203/21/COL ón Údarás an 16 Iúil 2021 ('Cinneadh Uimh. 203/21/COL') bunaítear, in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis, liostaí de limistéir na hIorua agus na hÍoslainne a mheastar a bheith saor ó ghalair neamhliostaithe áirithe a dhéanann difear d'ainmhithe uisceacha, nó atá faoi réir clár díothaithe maidir leis na galair sin.

(6) Chuir an Iorua in iúl don Údarás gur éirigh leis na dobharcheantair Skibotnelva, Signdalselva agus Kitdalselva i réigiún Troms agus Leirelva, Ranelva, Drevja, Fusta, Vefsna, Hundåla, Halsanelva, Hestdalselva, Dagsvikelva agus Nylandselva i réigiún Nordland, a bhfuil cláir fhormheasta dhíothaithe acu le haghaidh *Gyrodactylus salaris* agus a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 203/21/COL, gur éirigh leo an clár díothaithe a chur i gcrích agus gur dearbhaíodh iad a bheith saor ó ghalair.Rinne an tÚdarás measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429, ar an bhfaisnéis a chuir an Iorua ar fáil agus tá sé sásta gur féidir a mheas go bhfuil na limistéir ábhartha saor ó *Gyrodactylus salaris*.

(7) Chuir an Iorua in iúl don Údarás gur deimhníodh *Gyrodactylus salaris* in 2023 i mbradáin óga in abhainn Gylelva i réigiún Møre agus Romsdal agus i ngealóga in Ebbestadelva i réigiún Buskerud. Dá bhrí sin, tá an clár díothaithe tugtha cothrom le dáta ag an Iorua chun na dobharcheantair sin a chur san áireamh. Rinne an tÚdarás measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429, ar an bhfaisnéis a chuir an Iorua ar fáil agus tá sé sásta go bhfuil na bearta a rinneadh riachtanach agus iomchuí chun leathadh an ghalair a rialú.

(8) Dá bhrí sin, na bearta náisiúnta a dhéanann an Iorua, tá siad formheasta ag an Údarás i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429. Dá bhrí sin, Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Tarmligthe Uimh. 203/21/COL ina liostaítear limistéir na hIorua agus na hÍoslainne ag a bhfuil cláir dhíothaithe le haghaidh galair áirithe a dhéanann difear d'ainmhithe uisceacha agus a bhformheastar bearta náisiúnta ina leith i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429, ba cheart an Iarscríbhinn sin a leasú dá réir.

(9) An 24 Aibreán 2024, chuir an tÚdarás, trí Chinneadh Tarmligthe Uimh. 065/24/COL (Doiciméad Uimh. 1414369) uaidh, an dréacht-Chinneadh faoi bhráid Choiste Tréidliachta agus Físeáin CSTE i gcomhréir le hAirteagail 226(3) agus 266(2) de Rialachán (AE) 2016/429. An 29 Aibreán 2024, thug Coiste Tréidliachta agus Físeáin CSTE tuairim dhearfach uaidh maidir leis an dréacht-Chinneadh. Dá réir sin, tá an dréacht-Chinneadh i gcomhréir le tuairim an Choiste.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirfear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 203/21/COL.

Foilseofar leagan comhdhlúite de Chinneadh Uimh. 203/21/COL ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a shínithe.

Airteagal 3

Is ar an Íoslainn agus an Iorua a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Bealtaine 2024.

Thar ceann Údarás Faireacháin CSTE, ag gníomhú dó faoi Chinneadh Tarmligthe Uimh. 130/20/COL,

Árni Páll Árnason
An Comhalta den Choláiste atá Freagrach

Melpo-Menie Joséphidès
Ag comhshíniú mar Stiúrthóir,
Gnóthaí Dlíthiúla agus Feidhmiúcháin

IARSCRÍBHINN

Limistéir na hIorua agus na hÍoslainne a bhfuil cláir dhíothaithe acu maidir le galair áirithe a bhaineann d'ainmhithe uisceacha agus a bhformheastar bearta náisiúnta ina leith i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429

Galar	Stát CSTE LEE	Cód	Críochú geografach an limistéir a bhfuil na bearta náisiúnta formheasta ina leith	Uimhir an Chinnidh ó Údarás Faireacháin CSTE lena bhformheastar an beart náisiúnta
Ionfhabhtú le *Gyrodactylus salaris* (GS)	An Iorua	NO	— *Na dobharcheantair seo a leanas in Møre agus Romsdal:* Batnfjordselva, Driva, Litledalselva, Usma (Øksendalselva) agus Gylelva. — *Na dobharcheantair seo a leanas in Buskerud:* Drammenselva, Lierelva agus Ebbestadelva — *Na dobharcheantair seo a leanas in Vestfold:* Vesleelva (Sandeelva) agus Selvikvassdraget.	203/21/COL arna leasú le Cinneadh Uimh. 074/24/COL